

Treoirlínte

TREOIRLÍNTE

maidir leis na modhanna chun na sciartha den
mhargadh le haghaidh tuairiscithe a chinneadh

ÚEÁPC-BoS-25/395

Arna ghlacadh an 29 Meán Fómhair 2025



eiopa

European Insurance and
Occupational Pensions Authority

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE MODHANNA CHUN NA SCIARTHA DEN MHARGADH LE HAGHAIDH TUAIRISCITHE A CHINNEADH

RÉAMHRÁ

1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 (Rialachán ÚEÁPC)¹ agus Airteagal 35a(6) de Threoir 2009/138/CE (Treoir Sócmhainneacht II)², eisiónn ÚEÁPC Treoirlínte athbhreithnithe maidir le modhanna chun na sciartha den mhargadh le haghaidh tuairiscithe a chinneadh. Is é is cuspóir do na Treoirlínte seo na modhanna atá le húsáid a shonrú agus na sciartha den mhargadh dá dtagraítear in Airteagal 35a(1) agus (2) de Threoir Shócmhainneacht II á gcinneadh agus an próiseas atá le húsáid ag na húdaráis mhaoirseachta chun na gnóthais árachais agus athárachais a chur ar an eolas faoi aon teorannú nó díolúine ar thuairisciú maoirseachta tráthrialta cainníochtúil arna dheonú ag údaráis mhaoirseachta.
2. Chun an sciar den mhargadh a ríomh, tugtar ábharthacht don chineál gnó, i.e. gnó saoil agus gnó neamhshaoil, seachas don údarú a dheonaítear do ghnóthais, i.e. údarú árachais saoil nó údarú árachais neamhshaoil.
3. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an tionscnamh maidir le teorannú nó díolúine a dheonú a bheith ag an údarás maoirseachta, ach féadfaidh gnóthais teorannú nó díolúine a iarraidh ar a n-údarás maoirseachta freisin. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar na hiarrataí sin.
4. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar na húdaráis mhaoirseachta faoi Threoir Shócmhainneacht II.
5. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo ón 30 Eanáir 2027 agus aisghairtear agus cuirtear ina n-ionad na Treoirlínte maidir le modhanna chun na sciartha den mhargadh a chinneadh le haghaidh tuairiscithe (EIOPA-BoS-15-106).
6. Mura sainmhínítear iad sna Treoirlínte seo, tá an bhrí a shainmhínítear sna gníomhartha dlí dá dtagraítear sa réamhrá ag na téarmaí.

TREOIRLÍNE 1 - FAISNÉIS ATÁ LE HÚSÁID CHUN NA MARGAÍ A CHINNEADH

7. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) a áirithiú go n-áirítear leis an sciar den mhargadh an gnó (gan beann ar an gcineál gnóthais) arna fhrithghealladh ag gach gnóthas árachais agus athárachais ach nach n-áirítear leis gnó gnóthas a eisiatar ó raon feidhme Threoir Shócmhainneacht II de bhun Airteagal 4 de Threoir Shócmhainneacht II;
 - (b) a áirithiú, i gcás ina bhfuil bliain airgeadais ag gnóthas atá éagsúil leis an mbliain féilire, go ndéanfar an fhaisnéis bhliantúil is déanaí a mheas;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, Ich. 48).

² Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II), (IO L 335, 17.12.2009, Ich. 1).

- (c) an fhaisnéis a thuairiscítear sna teimpléid bhliantúla maidir le tuairisciú cainníochtúil S.05.01 agus S.12.01 a mheas mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/894 ón gCoimisiún.³

TREOIRLÍNE 2 - AN MARGADH SAOIL AGUS AN MARGADH NEAMHSHAOIL A RÍOMH

8. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú go ndéantar méid na margaí saoil agus neamhshaoil araon a chinneadh go bliantúil tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) comhiomlánú a dhéanamh, le haghaidh an mhargaidh árachais agus athárachais saoil, ar na forálacha teicniúla comhlána le haghaidh an ghnó árachais agus athárachais saoil, lena n-áirítear árachas innéacsnaasctha agus aonadnasctha na ngnóthas árachais agus athárachais ábhartha a shainaithnítear i dTreoirlíne 1;
 - (b) comhiomlánú a dhéanamh, le haghaidh an mhargaidh árachais agus athárachais neamhshaoil, ar ollphréimheanna scríofa ghnó árachais agus athárachais neamhshaoil na ngnóthas árachais agus athárachais ábhartha a shainaithnítear i dTreoirlíne 1.

TREOIRLÍNE 3 - PRÓISEAS MEASÚNAITHE

9. Bunaithe ar na critéir agus ar na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 35a de Threoir Shócmhainneacht II, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) breithniú a dhéanamh ar an iarraidh ó ghnóthais árachais agus athárachais a áireamh nó a eisiáimh ón measúnú chun a chinneadh cé na gnóthais dá ndeonaítear teorannú nó díolúine;
 - (b) rachaidh sé i gcomhairle le maoirseoir an ghrúpa agus breithneoidh sé a thuairim i ndáil le gnóthais ar cuid de ghrúpa iad;
 - (c) measúnú comhchoiteann a dhéanamh ar na gnóthais árachais agus athárachais ar cheart teorainn nó eisceacht a dheonú dóibh;
 - (d) breithniú a dhéanamh freisin sa ranníocaíocht leis an tairseach 20 % ar ghnó ó ghnóthais árachais faoi chuing agus athárachais faoi chuing a thagann faoin eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 35a(3) de Threoir Shócmhainneacht II;
 - (e) i gcás ina saothraíonn gnóthas gnó neamhshaoil agus gnó saoil araon, ní dheonóidh sé teorannú ná díolúine ach amháin i gcás nach sáraítear an tairseach mar thoradh ar a ngnó neamhshaoil agus a ngnó saoil a áireamh sna sciarta den mhargadh faoi seach.

TREOIRLÍNE 4 - FAISNÉIS DO GHNÓTHAIS

10. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/894 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na teimpléid le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais chun an fhaisnéis is gá chun maoirseacht a dhéanamh orthu a chur faoi bhráid a n-údarás maoirseachta agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2450 (IO L 120, 5.5.2023, lgh. 1-1596).

- (a) . ar a dhéanaí a chur in iúl i scríbhinn do na gnóthais árachais agus atharachais lena mbaineann gur deonaíodh dóibh teorannú nó díolúine a úsáid 3 mhí roimh dheireadh na bliana tuairiscithe ábhartha Ba cheart go leanfadh an fhaisnéis sin de bheith bailí go dtí go bhfógróidh an t-údarás maoirseachta a mhalairt;
- (b) gnóthais árachais agus atharachais atá díolmhaithe cheana féin a chur ar an eolas, 3 mhí roimh dheireadh na bliana tuairiscithe ábhartha ar a dhéanaí, nach féidir leo teorannú nó díolúine a úsáid a thuilleadh agus go gceanglaítear orthu tuairisciú ón mbliain tuairiscithe ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh freisin ar athruithe ar na sciartha den mhargadh arna n-athríomh go bliantúil fiú mura n-athraítear méid ghnó na ngnóthas.

RIALACHA MAIDIR LE COMHLÍONADH AGUS TUAIRISCIÚ

- 11. Sa doiciméad seo tá treoirlínte arna n-eisiúint faoi Airteagal 16 de Rialachán ÚEÁPC. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ÚEÁPC, ceanglaítear ar údaráis inniúla agus ar institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh treoirlínte agus moltaí a chomhlíonadh.
- 12. Ba cheart d'údaráis inniúla a chomhlíonann na Treoirlínte seo nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh iad a ionchorprú ina gcreat rialála nó maoirseachta ar bhealach iomchuí.
- 13. Ní mór d'údaráis inniúla a dheimhniú do ÚEÁPC an gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, le cúiseanna le neamhchomhlíonadh, laistigh de 2 mhí tar éis eisiúint na leaganacha aistrithe.
- 14. In éagmais freagra faoin sprioc-am sin, measfar go bhfuil na húdaráis inniúla neamhchomhlíontach leis an tuairisciú agus déanfar iad a thuairisciú amhlaidh.

FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH MAIDIR LE HATHBHREITHNIÚ

- 15. Beidh na Treoirlínte seo faoi réir athbhreithniú ag ÚEÁPC.